

Coranna

Pádraig Standún



Cló Iar-Chonnacht
Indreabhán
Conamara

An chéad chló 2013
© Cló Iar-Chonnacht 2013

ISBN 978-1-909367-73-9

Dearadh: Deirdre Ní Thuathail
Dearadh clúdaigh: Clifford Hayes



Foras na Gaeilge


Tá Cló Iar-Chonnacht buíoch de Fhoras na Gaeilge
as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnacht cabhair airgid
ón gComhairle Ealaíon.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593307 Facs: 091-593362 r-phost: eolas@cic.ie
Priontáil: Brunswick Press, Baile Átha Cliath.



"Inis dúinn faoi Choranna, a Mhamaí Nain," a dúirt Amy.

"Nach bhfuil sibh tuirseach ag éisteacht leis an

scéal sin?" a d'fhreagair a sin-seanmháthair.

Thug na gasúir "Nan" ar a seanmháthair, agus "Mamaí Nain" ar a máthair sise.

"An tú an duine is sine ar domhan?" a d'iarr Jeaic, trí bliana níos óige ná Amy agus é ag breathnú go géar ar sheanmháthair a mháthar. "Dúirt Mam linn gan suí ar do ghlúine mar go bhfuil tú thar a bheith sean agus go bhfuil do chuid cnámha briosc."

"Éist do bhéal," a dúirt Amy go mífhoighdeach lena deartháir sular chas sí i dtreo Mhamaí Nain. "Táimid ag iarraidh scéal a chloisteáil faoi Choranna."

Níor thug Jeaic aird ar bith ar a dheirfiúr. Chuir sé ceist eile ar an tseanbhean lena thaobh ag an mbord. "An bhfuil do chnámha chomh briosc le brioscaí?"

"Tá," ar sise, le meangadh gáire, "ach ní féidir iad a ithe ar nós brioscaí."

"Tuige?" a d'iarr Jeaic.

Rinne Amy aithris air. "Tuige? Tuige? Tuige? An bhfuil focal ar bith agat seachas 'Tuige'?"

"Sin é an bealach le rudaí a fháil amach, a Jeaic," arsa Mamaí Nain. "Lean ort ag cur na gceisteanna. Sin é an chaoi is fearr le foghlaim." D'fhreagair sí a cheist. "Ní féidir mo sheachnámha a ithe mar go bhfuil siad chomh sean leis an gcloch. Agus chomh crua freisin, déarfainn."

"Má tá do chnámha crua, ní bhrisfidh siad má shuím ar do ghlúin," a dúirt Jeaic.

Labhair Amy go crosta lena deartháir beag. "Nár dhúirt Maim leat gan suí ar ghlúin Mhamaí Nain a bheag ná a mhór."

"Dúirt, is dóigh," an freagra a fuair sí.

"Duuuuuh," a dúirt Amy trína cuid fiacla le Mamaí Nain mar gheall ar Jeaic. "Bíonn an ghráin agam air sin amanna."

Labhair Mamaí Nain go deas séimh. "Ach tá tú lán de ghrá do do dheartháirín beag ag an am céanna."

"B'fhéidir, nuair nach gcuireann sé as mo

mheabhair mé." Rinne sí gáire beag. "B'fhearr liom capall ná deartháir lá ar bith."

"B'fhéidir go mbeadh an dá rud agat fós," a dúirt Mamaí Nain léi.

"Ní dóigh liom é, mar nach bhfuil mórán airgid ag Maim agus Deaid."

Ghearr Jeaic isteach ar an gcomhrá. "Tá neart airgid ag Deaid. Cloisim ina phóca é."

"Níl ansin ach soirseáil," arsa Amy leis. "Ní bhfaighidh tú capall ar airgead beag mar sin."



"Má fhaighim airgead in áit eicínt," a gheall Mamaí Nain, "ceannóidh mé capall duit. Ceannóidh mé rud eicínt maith do Jeaic freisin."

"Héileacaptar," a dúirt Jeaic.

"Feicimid," arsa Mamaí Nain. "Caithfidh mé an t-airgead a fháil i dtosach. Má mhairim go dtí go mbeidh mé céad bliain d'aois tabharfaidh an tUachtarán bronntanas dom. Beidh do chapall agat ansin, a Amy, más é sin atá uait i gcónaí."

"Céard eile a bheadh uaim?" a d'iarr Amy.

"Athraíonn daoine a n-intinn," arsa Mamaí Nain.

"Is é an rud céanna atá ag teastáil uaimse i gcónaí."

"Agus mo héileacaptar agamsa." Thosaigh Jeaic ar a lámha a chur timpeall san aer, ag aithris ar an bhfearas eitilte ab ansa leis.

"An bhfuil a fhios agat cén t-ainm atá mé le tabhairt ar mo chapall?" a d'fhiafraigh Amy de Mhamaí Nain. "Má éiríonn liom í a fháil."

"Jeaic," a d'fhreagair Mamaí Nain go spráúil.

"Ag magadh atá tú," arsa Amy. "An bhfuil a fhios agat cén t-ainm a thabharfas mé ar an gcapall?"

"Tá tuairim mhaith agam."

"Coranna. Is é an t-ainm is ansa liom ar fad é. Inis dúinn faoi Choranna, a Mhamáí Nain."

Sula raibh am ag an mbean is sine sa gceantar aon rud a rá, thosaigh Jeaic ar a leagan féin den scéal. "Fadó, fadó is fadó ariamh bhí capall ann darbh ainm Coranna. Bhuaigh sé rás. Tugadh airgead do na daoine bochta agus cheannaigh siad uachtar reoite dóibh féin. Bhí gach duine sona sásta le Coranna. Sin deireadh an scéil." Chuir sé ceist. "An bhfuil uachtar reoite agat sa chuisneoir, a Mhamáí Nain?"

"Dún do bhéal," a dúirt Amy leis, "go dtí go n-inseoidh Mamaí Nain an scéal dúinn i gceart."

"An mbeidh an t-uachtar reoite againn ansin?"

"Ní bheidh má bhíonn tusa dána," a d'fhreagair a dheirfiúr.

Thosaigh Mamaí Nain ar an scéal go mall. "Fadó, fadó agus fadó ariamh bhí formhór na ndaoine sa taobh seo tíre beo bocht. Bhí siad chomh bocht leis na daoine a fheiceann muid ar an teilifís in áiteanna i bhfad ó bhaile anois, iad ag fáil bháis leis an ocras mar gur chlis ar na fataí. Bhí mo

mhuintir agus bhur mhuintirse ina measc – mar, mar atá a fhios agaibh, is iad mo mhuintirse bhur mhuintirse cé go bhfuil mise i bhfad níos sine ná sibhse. Bhí chuile dhuine san áit ag brath go huile is go hiomlán ar na fataí agus tháinig galar dubh ar na fataí sna garranta."

"Tuige nár cheannaigh siad fataí sa siopa?" a d'iarr Jeaic.

"Mar nach raibh aon airgead acu," a d'fhreagair Amy.

Labhair Mamaí Nain go díreach le Jeaic. "Ceist mhaith. Ní bhíodh fataí á ndíol sna siopaí an uair sin, mar go raibh garraí fataí dá gcuid féin ag chuile chlann. Bhíodh a ndóthain fataí le haghaidh an dinnéir gach lá sa bhliain. Bhí fataí acu chomh maith le tabhairt chuig na cearca agus na beithígh."

"B'fhearr liomsa *spaghetti* ná fataí," a dúirt Jeaic. "Tuige nár cheannaigh siad *spaghetti* sa siopa, mar a dhéanann Maim?"

"Ní raibh aon *spaghetti* sa tír seo ag an am," an freagra a thug Mamaí Nain.

"Tuige?" a d'iarr Jeaic arís.

Rinne Amy iarracht a cheist a fhreagairt: "Ní raibh eitleáin ann ag an am le *spaghetti* a iompar ón Iodáil go hÉirinn."

"Bhí mo Mhamó ina cailín óg ag an am," a dúirt Mamaí Nain, "agus chuimhnigh sí go lá a báis ar an anraith a bhí déanta as féar agus as neantóga agus luibheanna eile. Sin é an méid a bhí le n-ithe ag na daoine mar go raibh siad ag brath rómhór ar na fataí."

"Ní íosfainn neantóg," a dúirt Jeaic, "mar bheadh mo bholg dóite taobh istigh." Rinne sé mar a bheadh sé le smugairle a chaitheamh.



Lean Mamaí Nain uirthi. "Mar bharr ar an donas bhí cuid de na tiarnaí talún ar leo na feirmeacha thar a bheith gránna. Bhí na daoine bochta ag íoc cíosa leo, agus chaithfí amach as a gcuid tithe beaga – nach raibh chomh maith leis na sciobóil atá anois againn – mura mbeadh an cíos acu. Caitheadh trí scór duine bocht amach ar thaobh an bhóthair bliain amháin ag teacht gar don Nollaig, go maithe Dia dóibh é."

Ní raibh a fhios ag Amy cá raibh an scéal ag dul agus d'fhiafraigh sí, "Céard faoi Choranna? Níor inis tú fós faoin gcapaillín."

"Táim ag teacht go dtí sin," a dúirt Mamaí Nain. "Ní raibh na tiarnaí talún ar fad go dona. Bhí dream amháin thart anseo a bhí go maith do na daoine, muintir Uí Mhórdha, nó na Moores mar a tugadh orthu go háitiúil. Bhíodar siúd go maith do na daoine a bhí faoina gcúram. Ba leis an dream sin an capall a bhfuilimid ag caint uirthi, Coranna."

"Coranna," a dúirt Amy ina diaidh, fios acu go raibh siad tagtha go croí an scéil. Lig sí uirthi agus í ina suí ar an tolg gur ag marcaíocht ar chapall a bhí sí. "Coranna, an capaillín is fearr sa tír."

"Ba í an capaillín is fearr i Sasana í an bhliain

sin freisin," a dúirt Mamaí Nain, "mar gurbh í a bhuaigh Corn Chester i gcroílár an Ghorta Mhóir in 1846. Fuair muintir Uí Mhórdha duais de £17,000 dá bharr. B'ionann sin agus na mílte euro, milliún b'fhéidir, in airgead an lae inniu. Bhain siad úsáid as cuid den airgead le greim le n-ithe a chur i mbéal na ndaoine. Murach iad, agus murach Coranna, ní bheadh mo Mhamó beo agus ní bheadh mise ná ní bheadh sibhse ann ach an oiread."

Ba í Amy a dúirt "Tuige?" an uair seo.

"Bheadh ár muintirse básaithe leis an ocras."

"An raibh saol sona sásta ag do Mhamó ina dhiaidh sin?" a d'iarr Amy.

"Ní raibh ná baol air," an freagra a thug Mamaí Nain. "Ach a saol i bhfad níos fearr ná mar a bhí, ar feadh fiche bliain nó mar sin. Thit sí i ngrá agus phós sí fear deas ón taobh eile den pharóiste, agus bhí triúr gasúr acu. D'fhás na fataí go maith sna blianta sin, agus chuir siad tornapaí ar fás freisin le nach mbeidís ag brath chomh mór sin ar na fataí."

"Ní maith liomsa tornapaí," arsa Jeaic, "ná fataí ach an oiread. B'fhéarr liom *spaghetti*."


"Ar éirigh le Coranna in aon rás eile?" a d'iarr Amy.

"Bhí Coranna róshean le rith in aon rás faoin am sin, ach nuair a bhí an capall ag dul in aois thugtaí cead do na buachaillí agus do na cailíní óga dul ag marcaíocht uirthi, rud a rinne mo sheanmháthair go minic nuair a bhí sí ina déagóir," a dúirt Mamaí Nain.

"An é sin deireadh an scéil?" a d'iarr Jeaic.

"An bhfuil tú ag éirí tuirseach?" a d'iarr Mamaí Nain.

"Níl," arsa Jeaic, "ach tá ocras orm – ocras uachtar reoite."



"Gheobhaidh Amy cuid ón reoiteoir don triúr againn," a dúirt máthair a seanmháthar.

"Gheobhaidh mise é," arsa Jeaic.

"Cuirfidh tusa ar fud na háite é," a dúirt Amy.

"Lig leis," arsa Mamaí Nain. "Is maith leis cúnamh a thabhairt."

"Is maith leis uachtar reoite, agus níl uaidh ach dul ag crúbadh lena chuid lámha ann," an freagra a thug Amy. Chuir sí fainic ar Mhamaí Nain gan leanacht leis an scéal go dtí go mbeadh an t-uachtar reoite ite acu.

Nuair a thosaigh an tseanbhean arís mhínigh sí go raibh níos mó ná gorta amháin ann sna blianta sin fadó. Ní raibh aon cheann acu chomh dona leis an nGorta Mór, ach rinne an chuid eile an-dochar freisin. Chomh maith leis sin theastaigh ó chuid de na tiarnaí talún beithígh a bheith acu le go mbeadh feoil le díol acu, seachas arbhar a fhás, mar gur mó airgead a bhí le saothrú ar na beithígh. D'ardaigh siad cíós na ndaoine agus nuair nach raibh a ndóthain airgid acu le n-íoc, dhíbrigh siad as a dtithe iad. Bhí Mamó Mhamaí Nain ar cheann de na daoine a caitheadh amach ar thaobh an bhóthair ag an am.

"Céard faoi na Moores?" a d'iarr Amy: "An ndearna siadsan an rud céanna? Ar chuir siad daoine amach as a dtithe?"

D'fhreagair an tseanbhean, "Bhí go leor talún díolta acusan ag an am mar bhí fiacha móra orthu. Bhíodar go maith ag plé le caiple. Bhíodar flaithiúil leis na daoine bochta, ach bhí fear an tí flaithiúil freisin ag plé le geallta ar na rásaí. Dream eile a cheannaigh talamh uathu a bhí i gceannas ar thaobh s'againne faoin am sin."

"An raibh do Mhamó préachta leis an bhfuacht nuair a caitheadh amach le taobh an bhóthair í?" a d'iarr Amy.

"Bhí, agus chuile dhuine den chlann préachta chomh maith léi, ach bhí daoine maithe sa gceantar a chuidigh leo. Bhí sagart ann, an tAthair Pat Lavelle, a fuair talamh dóibh ón méid a bhí fanta go fóill ag muintir Uí Mhórdha. Bhíodar, muintir s'againne, beo bocht ar feadh i bhfad, ach tháinig siad slán ar deireadh, buíochas le Dia."

Bhí Jeaic ag éirí tuirseach. "An bhfuil an scéal thart fós?"

"Níl sé ach ag tosú," a dúirt Amy go magúil. "Nach bhfuil, a Mhamaí Nain?"

"Tá mo dhóthain inste don lá inniu agam,"
a d'fhreagair sise. "Tá mise mé féin ag éirí tuirseach."

"Inseoidh tú ceann eile dúinn amárach?" arsa
Amy.

"B'fhéidir."

"Inis ceann faoi na taibhsí," a d'iarr Jeaic.

"Ná hiniis," a dúirt Amy. "Chuir tú an croí
trasna ionam an lá cheana. Inis an ceann faoi na
saighdiúirí gránna sin a bhí anseo fadó."

Bhí Jeaic ar bís. "Inis an ceann sin. Is maith
liomsa saighdiúirí."

"Ní thaitneoidh na saighdiúirí sin leat," a
dúirt Amy, "mar go raibh siad ag iarraidh Mamaí
Nain a mharú."

"Na Dúchrónaigh," a dúirt Mamaí Nain, "na
Black and Tans. Níor inis mé an scéal sin ariamh do
Jeaic mar nach raibh mé ag iarraidh é a scanrú."

"Is buachaill mór anois mé," arsa Jeaic.

"Nach bhfuil a fhios agam é?"

"Tiocfaimid ar ais amárach leis an scéal sin
a chloisteáil," arsa Amy.

